

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13793/26

JAI 1223
COPEN 362
CYBER 389
COPS 568
RELEX 1244
JAIEX 76
TELECOM 453
POLMIL 402
CFSP/PESC 1536
ENFOPOL 351
DATAPROTECT 305

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 522 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh dréachtphrótaic lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 522 final.

Faoi iamh: COM(2026) 522 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2026
COM(2026) 522 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe,
thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh dréachtphrótacal lena bhforlíontar
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is feiniméan domhanda gan teorainneacha í an chibearchoireacht. Úsáideann cibearchoirpigh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an Intleacht Shaorga (IS) le haghaidh uathobriú ionsaithe, innealtóireacht shóisialta, agus chun bearta slándála a sheachaint, rud a fhágann go bhfuil cibirionsaithe níos inscálaithe agus níos éifeachtúla. Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch, ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus ar leathnú an neamhionannais dhomhanda, tá méadú tagtha ar dhreasachtaí do dhaoine aonair dul i mbun cibearchoireachta arb é an t-airgead is cúis léi¹. Ós rud é nach bhfuil teorainneacha ag an idirlíon, is ar bhonn trasteorann a bhíonn imscrúduithe cibearchoireachta beagnach i gcónaí, rud a fhágann go mbíonn gá le dlúthchomhar idir na húdaráis i dtíortha éagsúla.

Le blianta beaga anuas, tá líon na dtíortha lena n-éilítear comhar ag fás, de réir mar a théann cibearchoirpigh i bhfolach i ndlínsí áisiúla ar fud an domhain chun a n-ionsaithe a dhéanamh ar an Aontas agus ar a thíortha comhpháirtíochta. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais² agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar an gcomhar sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta. Tá Coinbhinsiún nua na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta ('Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe')³ mar chuid de na gníomhaíochtaí sin. Cuireann sé rialacha comhchoiteanna ar fáil ar an leibhéal domhanda chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cibearchoireacht agus ar bhailiú fianaise i bhfoirm leictreonach chun críche imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla, rud a chruthaíonn bonn don chomhar le go leor tíortha nach bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm ag an Aontas ná ag a Bhallstáit leo, agus urraim do dhlíthe agus luachanna an Aontais á háirithiú an tráth céanna. Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe comhoiriúnach agus comhlántach le hionstraimí an Aontais agus le hionstraimí idirnáisiúnta atá ann cheana amhail Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist'),⁴ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe (CNACET)⁵ agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (CNAÉ)⁶.

¹ *Europol, Serious and Organised Crime Threat Assessment (SOCTA) 2025* [Europol, Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe].

² Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus chun pianbhreitheanna coimeáda a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lgh 118–180, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1543/oj>) Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lgh. 181–190, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023L1544>).

³ C.N.196.2025.TREATIES-XVIII.16 an 13 Bealtaine 2025 (Ar oscailt lena shíniú).

⁴ CETS Uimh. 185.

⁵ Doic. A/55/383. Shínigh an tAontas CNACET an 12 Nollaig 2000 agus dhaingnigh sé é an 21 Bealtaine 2004 agus dhaingnigh sé a phrótacail freisin maidir le smuigleáil agus gáinneáil ar dhaoine. Féach 2004/579/CE: Cinneadh ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (IO L 261, 6.8.2004, lch. 69, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2004/579/oj>); 2006/616/CE: Cinneadh ón gComhairle an 24 Iúil 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Phrótacail in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta maidir le forálacha an Phrótacail, a mhéid a thagann forálacha an Phrótacail sin faoi raon feidhme

Rinne an Coimisiún Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a chaibidlíú thar ceann an Aontais, de bhun cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle') an 24 Bealtaine 2022 lena n-údaraitear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh⁷.

An 24 Nollaig 2024, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe⁸. Osclaíodh é lena shíniú in Hanáí, Vítneam an 25 Deireadh Fómhair 2025 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm a luaithe a léireoidh 40 Stát is Páirtí a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún i gcomhréir le forálacha Airteagal 65, míreanna 1 agus 2. Go dtí seo, shínigh 87 Stát an Coinbhinsiún, agus chuir trí cinn acu a dtoiliú in iúl (an Asarbaiseáin, Catar agus Vítneam).

An 13 Deireadh Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraitear don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a shíniú,⁹ lena gceadaítear don Aontas agus do 13 cinn dá Bhallstáit é sin a dhéanamh ag an searmanas sínithe. Shínigh dhá Bhallstát eile é i mí an Mheithimh 2026, shínigh Ballstáit amháin eile é i mí Iúil agus tá Ballstáit eile ag ullmhú dó.

An 11 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle i bprionsabal leis an gcinneadh ón gComhairle an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích agus chuir sí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa é lena toiliú a fháil, agus tugadh an toiliú sin an 20 Bealtaine 2026¹⁰. An 4 Meitheamh 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraitear tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin¹¹.

Le Rún 79/243 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, foráladh go leanfaidh coiste saineolaithe ad hoc oscailte na Náisiún Aontaithe, inar tharla próiseas caibidlíochta an Choinbhinsiúin, dá chuid oibre d'fhonn dréachtphrótacal a chaibidlíú a bheidh forlíontach leis an gCoinbhinsiún, lena dtabharfar aghaidh, *inter alia*, ar chionta coiriúla breise de réir mar is iomchuí. Bhí sé sin mar chuid de chomhréiteach a d'fhág gurbh fhéidir téacs deiridh an Choinbhinsiúin sna Náisiúin Aontaithe a ghlacadh de chomhthoil.

Chun an prótacal forlíontach a chaibidlíú, tá dhá sheisiún a mhairfidh 10 lá an ceann le tionól, agus beidh an chéad seisiún ar siúl an 18-29 Eanáir 2027 agus an dara seisiún in 2028.

Cuirfear toradh na caibidlíochta faoi bhráid Chomhdháil na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún ansin lena bhreithniú agus le gníomhaíocht bhreise a dhéanamh ina leith, ar choinníoll go bhfuil 60 Stát ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún.

Airteagail 179 agus 181a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 262, 22.9.2006, lgh. 24–33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2006/616/oj>) agus 2006/619/CE: Cinneadh ón gComhairle an 24 Iúil 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Phrótacail ó na Náisiúin Aontaithe chun gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, a chosc, a chur faoi chois agus pionós a ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta maidir le forálacha an Phrótacail, a mhéid a thagann forálacha an Phrótacail faoi raon feidhme Chuid III, Theideal IV den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 262, 22.9.2006, lgh. 51–58, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2006/619/oj>).

⁶ *United Nations, Treaty Series, vol. 2349, p. 41*; Doic. A/58/422. Shínigh an tAontas CNAÉ an 15 Meán Fómhair 2005 agus dhaingnigh sé é an 12 Samhain 2008. Féach 2008/801/CE: Cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (IO L 287, 29.10.2008, lgh. 1–110, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/801/oj>).

⁷ Cinneadh (AE) 2022/895 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena n-údaraitear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coinbhinsiúin cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, ST/8796/2022/INIT, IO L 155, 8.6.2022, lgh. 42–48, <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/895/oj>.

⁸ Rún arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 24 Nollaig 2024; A/RES/79/243.

⁹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12642-2025-INIT/ga/pdf>

¹⁰ https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/PV-10-2026-05-20-ITM-009-04_GA.html

¹¹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9414-2026-INIT/ga/pdf>

Ní thagann foclaíocht an Rúin roimh thoradh na caibidlíochta sin.

Tá sé rithabhachtach don Aontas agus dá Bhallstáit go dtiocfaidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta i bhfeidhm a luaithe is féidir, chun comhsheasmhacht a chur chun cinn in iarrachtaí an Aontais an cibearchoireacht agus cineálacha eile coireachta a chomhrac ar an leibhéal domhanda agus chun comhar a éascú idir na Stáit is Páirtithe ar Ballstáit den Aontas iad agus na Stáit is Páirtithe nach Ballstáit den Aontas iad, agus ardleibhéal cosanta do dhaoine aonair á áirithiú an tráth céanna. Ba cheart Stáit eile a spreagadh chun an próiseas sínithe agus daingnithe a chur i gcrích, chun go bhféadfaidh an Coinbhinsiún teacht i bhfeidhm.

Cé gur cheart don Aontas a bheith réidh chun dul i ngleic le substaint prótacail fhorlíontaigh a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht an phrotacail sin i bhfianaise measúnú a dhéanamh ar an ngá féideartha atá le prótacal den sórt sin, ar na tairbhí a bhaineann leis agus ar a indéanta atá sé. Má dhéantar cinneadh bogadh ar aghaidh leis an gcaibidlíocht maidir le substaint, is chun leas an Aontais é a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht chun luachanna bunúsacha agus cuspóir an Choinbhinsiúin a chaomhnú, chun a áirithiú go mbeidh breisluach fóinteach ag aon phrotacal forlíontach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin agus go mbeidh sé comhoiriúnach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus le dlí an Aontais.

Dá réir sin, cuirtear an moladh seo faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218 CFAE chun údarú a fháil tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh dréachtphrotacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta.

Is é is aidhm don mholadh seo rannpháirtíocht iomchuí an Aontais Eorpaigh sa chaibidlíocht sin a áirithiú, ós rud é go meastar go ndéanfar tagairt do ghnéithe a bhaineann le reachtaíocht agus inniúlacht an Aontais, go háirithe i réimse na cibearchoireachta. Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil an inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (...) a mhéid a d'fhéadfadh a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú.' D'fhéadfadh comhaontú idirnáisiúnta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú más rud é go bhfuil forluí ag an gcomhaontú le reachtaíocht an Aontais nó go gcumhdaítear réimse an chomhaontaithe den chuid is mó le dlí an Aontais. Thairis sin, ós rud é, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil tabhairt i gcrích Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe údaraithe cheana féin ag an gComhairle, a luaithe a bheidh sé tugtha i gcrích ag an Aontas agus a Bhallstáit, beidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ina cheangal ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit de bhun Airteagal 216(2) CFAE. Ón uair a thiocfaidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, beidh a fhorálacha ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais.

Ós rud é go mbainfidh an chaibidlíocht le hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais, cé is moite den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES), arb ábhair iad a mheastar a bheith ina bpríomhchodanna de phrotacal a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart an Coimisiún a cheapadh mar cheannaire ar an bhfoireann caibidlíochta. In ábhair a bhaineann le CBES, más ann dóibh, déanann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an chaibidlíocht mar chuid den fhoireann. Áiritheoidh an Príomh-Idirbheartaí ón gCoimisiún comhsheasmhacht fhoriomlán an chomhaontaithe. Faoi údarás an Phríomh-Idirbheartaí, beidh seirbhísí an Choimisiúin ar thús cadhnaíochta maidir leis na codanna den chomhaontú atá beartaithe nach mbaineann le CBES agus beidh SEGS ar thús cadhnaíochta

maidir leis na codanna sin de na comhaontuithe atá beartaithe a d'fhéadfadh teacht faoi CBES.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is tosaíocht don Aontas Eorpach é an comhrac in aghaidh na cibearchoireachta mar a d'aithin an Chomhairle i dtreoirlínte straitéiseacha 2024 uaithi don phleanáil reachtach agus oibríochtúil sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais¹² agus mar a aithníodh i straitéis ProtectEU ón gCoimisiún in 2025, is é sin an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, lena bhfógraítear gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht ar líne agus chun rochtain ar fhianaise dhigiteach a éascú i gcás gach coire, lena n-áirítear trí ionstraimí idirnáisiúnta maidir le malartú faisnéise agus fianaise, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a shíniú agus a thabhairt i gcrích go tráthuil. Aithníonn an Coimisiún gur gá acmhainneachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach sa réimse sin a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh, chun reachtaíocht náisiúnta maidir le cibearchoireacht a fhorbairt, i gcás nach ndéantar foráil leordhóthanach maidir leis sin. Aithníonn sé freisin gur gá comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn sa chomhrac in aghaidh na cibearchoireachta agus tacaíonn sé le raon clár fothaithe acmhainneachta i dtíortha éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear le haghaidh tíortha i mbéal forbartha¹³. Thacaigh an Coimisiún le hobair an tsainghrúpa idir-rialtasaigh oscailte,¹⁴ obair Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, obair Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), obair Choiste Choinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus obair comhlachtaí eile. Meastar go mbainfidh an chaibidlíocht maidir le prótacal forlíontach a d'fhéadfadh a bheith ann le rialacha comhchoiteanna an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus le rialacha comhchoiteanna eile maidir leis an gcomhrac i gcoinne coireanna arna gcumasú trí úsáid a bhaint as córais faisnéise, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil aindleathach ar dhrugaí, gáinneáil aindleathach ar airm, sciúradh airgid, an t-éilliú agus an choireacht eagraithe. Meastar freisin go gcumhdófar bearta coiriúla nós imeachta agus comhair leis an gcaibidlíocht. Ba cheart a áirithiú leis an gcaibidlíocht go mbainfidh forálacha aon phrótacail fhorlíontaigh a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an chosaint is airde is féidir amach do chearta an duine, agus go mbeidh na Ballstáit in ann dlí an Aontais a chomhlíonadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta comhsheasmhach le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais Eorpaigh sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus le comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha ábhartha a bhfuil an tAontas Eorpach ina Pháirtí iontu cheana féin (Coinbhinsiún Bhúdaipeist, CNACET, CNAÉ, etc.). Ní dhéantar difear do réimsí beartais eile de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, beidh ar an gcaibidlíocht maidir le prótacal a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an leibhéal céanna comhleanúnachais agus comhsheasmhachta a áirithiú freisin.

¹² Treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, an 28 Samhain 2024, mír 19

¹³ Féach, mar shampla, an Gníomhaíocht Dhomhanda Fheabhsaithe maidir le Cibearchoireacht (GLACY-e), trí <https://www.coe.int/en/web/cybercrime/glacy-e>

¹⁴ An 21 Nollaig 2010, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 65/230 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil sainghrúpa idir-rialtasach oscailte a bhunú chun staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar fhadhb na cibearchoireachta

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

- Bunús dlí substainteach

Foráiltear le hAirteagal 82(1) agus (2) CFAE go bhféadfar bearta a ghlacadh chun comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla agus le cinntí a fhorfheidhmiú. Déantar foráil le hAirteagal 83(1) CFAE maidir le rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimsí na coireachta fiorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar chineál na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá speisialta ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann, cuir i gcás coireacht ríomhaire.

- Bunús dlí don nós imeachta

Le hAirteagal 218(3) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, foráiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí. Molann an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais laistigh de na Náisiúin Aontaithe le haghaidh dréachtphrótaicail lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta. Is é an Coimisiún a ainmneofar mar idirbheartaí. Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE bunús dlí an chinnidh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní sholáthródh gníomhaíocht aontaobhach rogha mhalartach. Ní sholáthródh sí bonn leordhóthanach le haghaidh comhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Chuirfeadh sí cosc freisin ar an Aontas labhairt d'aon ghuth agus, ar an gcaoi sin, ní bheadh an deis ag an Aontas ná ag na Ballstáit tionchar a imirt ar an gcaibidlíocht, rud a léiríodh cheana a bheith éifeachtach le linn na caibidlíochta maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe. Tá sé níos éifeachtúla cloí le comhaontú iltaobhach ar nós prótaicail a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a ndearna an tAontas caibidlíocht ina leith, ná dul i mbun caibidlíochta le tíortha aonair nach Ballstáit den Aontas iad ar an leibhéal déthaobhach.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 1 Iúil 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise¹⁵ ar a shuíomh gréasáin i ndáil lena mholadh le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhdháil na Stát is Páirtithe agus maidir le dréachtphrótacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, glao ar fhianaise a bhí ar oscailt haghaidh barúlacha ar feadh 4 seachtaine.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún san áireamh tuairimí a chuir saineolaithe ó na Ballstáit in iúl le linn an phlé sna meithleacha ábhartha de chuid na Comhairle chun ullmhú don chaibidlíocht.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Ceartha bunúsacha**

Is dócha go gcumhdófar leis an gcaibidlíocht gnéithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chearta bunúsacha amhail bearta nós imeachta choiriúil, sainmhínte ar chionta coiriúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le himeacht choiriúil, nó rochtain ar shonraí pearsanta duine a fhaightear i gcomhthéacs imeachta choiriúil. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na forálacha atá le caibidliú e.g. ar an gceart chun triail chóir a fháil, ar an gceart chun príobháideachais agus ar an gceart go gcosnófaí sonraí pearsanta. Ós rud é nár cheart go gcuirfeadh aon phrótacal forlíontach isteach ar an leibhéal cosanta do chearta agus saoirsí bunúsacha san Aontas, beartaítear leis an tionscnamh seo ardleibhéal cosanta do chearta agus saoirsí bunúsacha a shaothrú.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais. Féadfaidh Ballstáit an Aontais costais aonuaire a thabhtú chun an prótacal a chur chun feidhme a luaithe a bheidh an chaibidlíocht tugtha chun críche, ach ní féidir na costais sin a chinneadh ag an gcéim seo toisc nach bhfuil tús iomlán curtha leis an gcaibidlíocht go fóill.

¹⁵ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/18472-Cybercrime-negotiation-of-procedural-rules-for-and-draft-protocol-to-the-United-Nations-Convention-against-Cybercrime_ga

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go mairfidh an próiseas caibidlíochta maidir le dréachtphrótacal go dtí 2028, agus ina dhiaidh sin féadfar an prótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Beartaítear sa tionscnamh próiseas caibidlíochta atá oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach a shaothrú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le forálacha an Mholta, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún údarú a dhéanamh maidir le prótacal a bheidh forlíontach leis an gCoinbhinsiún a oscailt agus caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais. Sonraítear san Iarscríbhinn na treoracha caibidlíochta, ina leagtar amach na cuspóirí ginearálta atá le saothrú le linn na caibidlíochta. Sainaithnítear sna treoracha caibidlíochta freisin na cuspóirí substainteacha atá le baint amach le linn na caibidlíochta i ndáil leis an dréacht-Phrótacal. Ar deireadh, leagtar síos sna treoracha caibidlíochta an nós imeachta don chaibidlíocht atá le leanúint ag an gCoimisiún, go háirithe maidir le faisnéis tráthrialta atá le cur ar fáil don Chomhairle.

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh dréachtphrótacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) agus (2), agus Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 24 Nollaig 2024, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe rún A/RES/79/243 maidir le Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach, agus cinneadh á dhéanamh go leanfaidh an Coiste Ad Hoc lena chuid oibre, *mutatis mutandis*, i gcomhréir le rúin 74/247 agus 75/282 ón gComhthionól Ginearálta, d'fhoill dréachtphrótacal a bheidh forlíontach leis an gCoinbhinsiún a chaibidlíú, lena dtabharfar aghaidh, *inter alia*, ar chionta coiriúla breise de réir mar is iomchuí, agus, chun na críche sin, tionólfar dhá sheisiún a mhairfidh 10 lá an ceann, agus beidh an chéad seisiún ann 2 bhliain tar éis don Chomhthionól Ginearálta an Coinbhinsiún a ghlacadh agus beidh an dara seisiún ann sa bhliain féilire dár gcionn, i Vín agus i Nua-Eabhrac, faoi seach, chun na torthaí a chur faoi bhráid Chomhdháil na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún, lena mbreithniú agus le gníomhaíocht bhreise a dhéanamh ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 57, mír 5 (g), 61 agus 62 den Choinbhinsiún.
- (2) D'fhéadfadh ábhar substainte an phrótacail fhorlíontaigh a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú.
- (3) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go leanfaidh rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais de bheith comhsheasmhach, is gá don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, i ndáil le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear leis na Conarthaí, a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht maidir le prótacal a bheidh forlíontach le Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta.
- (4) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht le haghaidh prótacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, agus d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir le prótacal den sórt sin a thabhairt i gerích, a shíniú nó a dhaingniú.

- (5) Dírítear na teoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an Choimisiún agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar dhul chun cinn na caibidlíochta.
- (6) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis chaibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe i Nua-Eabhrac agus i Vín.
- (7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an [...]
- (8) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le Conradh an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir dar dáta an ...], gur mian léi páirt a ghlacadh i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo] nó [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le Conradh an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]
- (9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh Ríocht na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl Ríocht na Danmhairge rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (10) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an bprótacal féideartha lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe le haghaidh prótacal a bheidh forlíontach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta lena neartaítear an Comhar Idirnáisiúnta chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach, údaraítear í leis seo a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Leis seo, díreann chuig an gCoimisiún na teoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhar leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

Airteagal 5

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*